



---

*Uimhir 4 de 1991*

---

**Acht na bhFeithidí Millteacha agus na Lotnaidí (Leasú), 1991**  
*[An tiontú oifigiúil]*

---





---

*Uimhir 4 de 1991*

---

**ACHT NA bhFEITHIDÍ MILLTEACHA AGUS NA  
LOTNAIDÍ (LEASÚ), 1991**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**RIAR NA nALT**

Alt

1. “An Príomh-Acht”.
  2. Forálacha i ndáil le horduithe faoin bPríomh-Acht.
  3. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht.
  4. Pionóis.
  5. Cionta ag stiúrthóirí etc. comhlachtaí corpraithe.
  6. Aisghairm.
  7. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
- 

**AN TACHT DÁ TAGRAÍTEAR**

Acht na Míingeacha Millteacha agus na Loitmhíola  
(Comhdhlúthú), 1958

1958, Uimh. 11





---

*Uimhir 4 de 1991*

---

**ACHT NA bhFEITHIDÍ MILLTEACHA AGUS NA  
LOTNAIDÍ (LEASÚ), 1991**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO LEASÚ ACHT NA MÍNGEACHA MILLTEACHA AGUS  
NA LOITMHÍOLA (COMHDHLÚTHÚ), 1958. [20 Márta, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.**—San Acht seo ciallaíonn “an Príomh-Acht” Acht na Míngeacha “An Príomh-Acht”.  
Millteacha agus na Loitmhíola (Comhdhlúthú), 1958.

**2.**—(1) Aon duine a sháróidh ordú faoi alt 2 nó 3 den Phríomh-Acht Forálacha i ndáil  
nó a mhainneoidh déanamh dá réir beidh sé ciontach i gcion. le horduithe faoin  
bPríomh-Acht.

(2) An chumhacht a thugtar don Aire ordú a dhéanamh faoin alt sin  
2 nó 3 folóidh sí cumhacht foráil a dhéanamh san ordú le haghaidh cibé  
forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a dhealróidh don  
Aire a bheith riachtanach chun lán-éifeacht a thabhairt d’aon fhoráil den  
ordú nó chun a áirithiú go ndéanfar de réir an ordaithe.

(3) Féadfaidh an tAire le hordú ordú faoin alt sin 2 nó 3 (lena  
n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a chúlghairm.

**3.**—Leasaítear leis seo alt 8 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a Leasú ar alt 8 den  
leanas a chur in ionad fho-alt (3): Phríomh-Acht.

“(3) Duine a sháróidh fógra spraeála nó a mhainneoidh déanamh  
dá réir nó a bhacfaidh nó a choisfidh an tAire nó aon duine a  
bheidh cuí-údaraithe ag an Aire i bhfeidhmiú aon cheann de na  
cumhachtaí a thugtar leis an alt seo beidh sé ciontach i gcion.”.

[Uimh. 4.] *Acht na bhFeithidí Millteacha agus na Lotnaidí (Leasú), 1991.* [1991.]

Pionóis.

4.—Maidir le duine a bheidh ciontach i gcion faoi alt 2 den Acht seo nó alt 8 den Phríomh-Acht dlífeair, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí nó iad araon a chur air.

Cionta ag stiúrthóirí  
etc. comhlachtaí  
corpraithe.

5.—I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoi alt 2 den Acht seo nó alt 8 den Phríomh-Acht agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú, le cúltheadú nó le formheas, nó gur inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile ar an gcomhlacht corpraithe, nó aon duine a bhí ag airbheartú gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin ciontach i gcion, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, agus dlífeair imeachtaí a shaothrú ina choinne agus é a phionósú amhail is dá mbeadh sé ciontach sa chion céadluaite.

Aisghairm.

6.—Aisghairtear leis seo fo-ailt (2)(e) agus (3) d'alt 3 den Phríomh-Acht.

Gearrtheideal,  
comhlua, forléiriú  
agus tosach feidhme.

7.—(1) Féadfar Acht na bhFeithidí Millteacha agus na Lotnaidí (Leasú), 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na bhFeithidí Millteacha agus na Lotnaidí, 1958 agus 1991, a ghairm den Phríomh-Acht agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh mí amháin tar éis dháta a rite.